

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**  
**Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

**TUAIRISC**

**Gaelscoil Ros Eo**  
**Ros Eo, Co. Bhaile Átha Cliath**  
**Uimhir rolla: 20334R**

**Dáta na Cigireachta: 19 Meán Fómhair 2014**



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S  
A N C H I G I R E A C H T

## Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

### Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i nGaelscoil Ros Eo i Meán Fómhair 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Is gaelscoil chomhoideachasúil í Gaelscoil Ros Eo a bunaíodh i 2008. An Foras Pátrúnachta atá mar phátrún ar an scoil. Tá 156 dalta ar na rollaí. Déanann an scoil freastal ar dhaltaí ón dúiche. Tá an scoil ar liosta tógála na Roinne agus í ag feitheamh ar fhoirgneamh buan.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Baineann caighdeán ard le scileanna teagaisc na n-oidí.
- Soláthraítear réimse leathan d'eispéiris fhiúntacha do na daltaí agus tá ag eirí go breá leis na daltaí thar an raon leathan den churaclam.
- Léiríodh an-chaidreamh idir dhaltaí agus oidí agus tá bainistíocht na n-daltaí go han-mhaith tríd an scoil.
- Oibríonn na hoidí i gcultúr comhghleacúil agus bíonn siad gafa le plé agus machnamh gairmiúil.
- Tá tús an-mhaith curtha ag an scoil leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Sa phleanáil ghearrthréimhseach don Ghaeilge, chomh maith le foclóir faoi leith a aithint, b'fhiú an teanga chomhoiriúnach a aithint. Moltar, fresin, bealach a fhorbairt chun taifead a choimeád ar bhotúin na ndaltaí sa Ghaeilge a éiríonn go teagmhasach.
- B'fhiú níos mó béime a chur ar scileanna na matamaitice a fhorbairt go sistéamach, mar a mhúintear ábhar na matamaitice, agus eispéaras níos leithne matamaitice a chur ar fáil do na daltaí.

### 1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Soláthraítear réimse leathan d'eispéiris fhiúntacha do na daltaí agus tá ag eirí go breá leis na daltaí thar an raon leathan den churaclam. Is dea-chleachtas é go roghnaíonn na h-oidí amhráin oiriúnacha do na daltaí de réir a suim agus a nguthanna. Léiríonn na daltaí tuiscint bhreá ar choincheapa an cheoil. Tá obair dheas ar taispeáint sna hAmharcealaíona. Chun forbairt a dhéanamh ar seo agus tuiscint na ndaltaí ar na coincheapa ealaíne a neartú, moltar níos mó béime a chur ar fhéachaint ar an ealaín agus freagairt di.
- Tá caighdeán na foghlama sa Ghaeilge go maith, le daltaí ag labhairt trí Ghaeilge le tuiscint agus muinín. Chun an dea-cleachtas seo a leathnú, moltar sa phleanáil ghearrthréimhseach, chomh maith le foclóir faoi leith a aithint, go mb'fhiú an teanga chomhoiriúnach a aithint. Moltar, freisin, bealach a fhorbairt chun taifead a choimeád ar bhotúin na ndaltaí sa Ghaeilge a éiríonn go teagmhasach. Tá na daltaí in ann léamh trí Ghaeilge ag léibhéal oiriúnach agus tá raon leathan de leabhair thaitneamhacha ar fáil sna leabharlanna ranga. Moltar struchtúr níos céimniúla a chur ar na ceachtanna léitheoireachta chun freastal go cinnte ar fhorbairt scileanna na léitheoireachta. Sonraítear gníomhaíochtaí cruthaitheacha fiúntacha sa scríbhneoireacht agus tá obair bhreá le sonrú ó rang go rang. Déantar monatóireacht

an-éifeachtúil ar an obair agus tá roinnt oidí ag tabhairt aischothú scríofa atá an-éifeachtach. Moltar an dea-chleachtas seo a leathnú tríd an scoil.

- Sa Mhatamaitic, is dea-chleachtas an bhéim atá curtha i rang na naíonán ar chlár gníomhach a chur i bhfeidhm nach bhfuil ceangailte le leabhair shaothair. Chun na torthaí sa Mhatamaitic atá go maith a fheabhsú, moltar níos mó béime a chur ar scileanna na matamaitice a fhorbairt go sistéamach, mar a mhúintear ábhar na matamaitice. Moltar freisin eispéaras níos leithne matamaitice a chur ar fáil, ar nós fadhbanna a chruthú chomh maith le fadhbanna a réiteach agus fadhbanna níos leithne ná fadhbanna scríofa amháin a réiteach.
- Pupils demonstrate very good skills in English. Older pupils demonstrate a commendable understanding of what it means to be a good reader. Good attention is paid to making pupils aware of the progression in writing that is required across the class levels. In the on-going development of pupils' spelling skills, it is suggested that the cultivation among pupils of a strategy for dealing with unfamiliar words be promoted. Such a strategy could also be useful for spelling in Irish and across the curriculum. *Léiríonn na daltaí scileanna an-mhaithe sa Bhéarla. Léiríonn na daltaí níos sine tuiscint chuí ar chonas a bheith ina léitheoirí cumasacha. Déantar cúram de thuiscint na ndaltaí a dhiriú ar an bhforbairt a bhíonn ag teastáil sna scileanna scríbhneoireachta ó rang go rang. Chun tabhairt faoi na scileanna litriúcháin a fhorbairt moltar straitéis a bhunú i measc na ndaltaí chun focail neamhaithnidiúla a láimhseáil. Bheadh an straitéis seo tairbheach don litriúchán sa Ghaeilge agus thar an gcuraclam go ginearálta.*
- Tá bealaí éagsúla cuí ann sa scoil chun cuntais a choimeád ar dhul chun cinn na ndaltaí. B'fhiú sna seicliostaí a choimeádtar i roinn ábháir an bhéim a chur ar scileanna mar aon leis an gclár oibre a thaifeadadh. Tá taifead cuí déanta ar dhul chun cinn na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht bhreise.

## 2. Cáilíocht an teagaisc

- Baineann caighdeán ard le scileanna teagaisc na n-oidí. I ngach ceacht matamaitice a breathnaíodh, bhí soiléireacht ag baint le múineadh na gcoincheapa. Bhí aire mhaith tugtha freisin don teanga matamaitice a mhúineadh go cúramach. Chonacthas ceachtanna sa Cheol a bhí suimiúil, taitneamhach agus dúshlánach. Sa cheacht Corpoideachais a breathnaíodh bhí struchtúr, dúshlán agus eagar cinnte ag gabháil leis an gceacht agus tugadh aiseolas maith do na daltaí le linn an cheachta. Is léir ó na ceisteanna a chuireann siad ar na daltaí go bhfreastalaíonn na h-oidí ar na leibhéil chumais éagsúla sna ranganna. Tá tascanna in oiriúint do chumas, spéis agus d'aois na ndaltaí. Tá daltaí gníomhach sna ceachtanna agus tá obair bheirte agus obair ghrúpa eagraithe go breá ag gach oide. Tugann sé seo go breá le scileanna cumarsáide na ndaltaí a fhorbairt.
- Tá timpeallacht fhoghlama cruthaithe atá tarraingteach, agus a bhfuil cuspóir leis, mar thacaíocht an-tábhachtach d'fhoghlaim na ndaltaí. Chun an soláthar seo a shaibhriú, moltar an bhéim i dtaispeántais an fhoclóra a chur ar chatagóirí focal a léiriú agus iad go léir a thaispeáint in aice lena chéile agus an earnáil á phlé go minic agus go dearfa leis na daltaí.
- Caitheann an múinteoir tacaíochta go breá soiléir leis na daltaí le riachtanais speisialta oideachais. Mínítear na coincheapa go soiléir agus tá struchtúr cinnte ag baint leis na ceachtanna. Tá nasc maith idir an teagasc sna ceachtanna tacaíochta agus sna ceachtanna ranga.

## 3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Mar chuid den chigireacht tugadh deis do na tuismitheoirí agus do na daltaí ó rang a trí go rang a sé ceistiúcháin rúnda a chomhlánú ar ghnéithe d'obair agus de shaol na scoile. Léirigh freagraí na gceistiúchán go bhfuil formhór na dtuismitheoirí agus na ndaltaí sásta le soláthar an oideachais sa scoil.
- Tá fonn foghlama ar na daltaí. Tá aithne mhaith ag na hoidí ar na daltaí uile. Léiríodh an-chaidreamh idir dhaltaí agus oidí. Tá bainistíocht na ndaltaí go han-mhaith tríd an scoil agus tá dea-nósanna oibre forbartha go breá freisin.
- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na

scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

#### **4. Ceannaireacht agus Bainistíocht**

- Feidhmíonn an bord go han-éifeachtach agus tá ról lárnach aige i saol na scoile. Moltar torthaí ginearálta na scrúduithe caighdeánaithe sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge a phlé leis an mbord bainistíochta.
- Léiríonn an príomhoide, nuacheaptha ó mhí Eanáir na bliana 2014, scileanna bainistíochta tuisceanacha agus oscailte. Tá tuiscint an-mhaith aige ar chomhthéacs na scoile agus ar láidreachtaí a fhoirne agus na ndaltaí. Gníomhaíonn sé, le cabhair an leas-phríomhoide, go machnamhach chun caidreamh níos oscailte a chothú idir an scoil agus na tuismitheoirí.

#### **5. Féinmheastóireacht Scoile**

- Tá an litriúchán sa Bhéarla ina thosaíocht don fhéinmheastóireacht scoile. Tá tús an-mhaith curtha ag na múinteoirí le réimsí le haghaidh feabhsúcháin a aithint. Bailíodh fianaise chuí go cúramach agus tá plean gníomhaíochta oiriúnach ann. Chun tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na múinteoirí, moltar straitéis scoile uile a chur ar bun do mhúineadh an litriúcháin sa Ghaeilge agus go ginearálta thar achar an churaclaim.

Tá cumas na scoile tabhairt faoi feabhsúchán scoile go maith, toisc an aithne mhaith atá ag an bhfoireann ar na daltaí, an cultúr comhghleacúil ina n-oibríonn na hoidí agus an spiorad comhoibritheach atá idir bhaill uile na scoile.

**Aguisín**

**Freagra na scoile ar an Tuairisc**

**Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta**

### **Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Mar scoil, ceapaimid gur tuairisc chothrom í. Aontaímid leis na láidreachtaí agus moltaí a luadh sa tuairisc.

### **Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm**

Faoi láthair tá an scoil i mbun an phroiséis fhéinmheastóireacht scoile sa Mhata. Le toradh an phroiséis sin agus le moltaí na tuairisce scoile tabharfaidh an scoil aghaidh ar na scileanna matamaitice a fhorbairt sa todhcaí.

I mbliana thosaigh an scoil ar chóras faoi leith maidir le litriúchán sa Bhéarla. Tá an scéim seo dírithe ar straitéisí a mhúineadh ionas go mbeidh na páistí níos neamhspleácháí ina gcuid scríbhneoireachta féin. Chomh maith leis sin tá na múinteoirí ag cur a gcóras féin le chéile maidir leis an litriú sa Ghaeilge le béim curtha ar na straitéisí céanna.